Ciste Árachais Shóisialaigh

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 1 go dtí 10 iniúchta agam, faoi Alt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe faoi réir an Achta, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha.

Freagrachtaí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Tá sé mar fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir riachtanais bhainteacha dhlíthiúla agus rialaitheacha agus faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais léirithe i gceart, faoi réir an Achta. Tuairiscím freisin cibé an bhfuil nó nach bhfuil leabhair chuntasaíochta chearta tar éis a bheith coinnithe, dar liom. Anuas air sin, dearbhaím má tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntasaíochta.

Tuairiscím aon chás bainteach nuair nach bhfuil airgead tar éis a bheith úsáidte don chuspóir a ceapadh dó, nó i gcás nach bhfuil na hidirbhearta ag réiteach leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir faighte agam atá riachtanach do chuspóirí m'iniúchta.

Bunús na Tuairime Iniúchóireachta

I gcleachtadh mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire), a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt do thuiscintí speisialta a bhaineann le comhlachais Stáit, maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá bainteach leis na méideanna, leis an nochtadh agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá áirithe sna ráitis airgeadais. San áireamh leis sin, tá measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí maidir le cás an Chiste áirithe seo, á bhfeidhmiú go leanúnach agus á nochtadh go hiomchuí.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun an t-eolas agus na míniúcháin go léir a fháil, a bhraith mé a bheith riachtanach chun fianaise dhóthanach a sholáthar dom, le deimhniú réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, bídís mar thoradh ar chalaois nó ar mhírialtacht nó ar earráid eile. I gcruthú mo thuairime, rinne mé measúnú freisin ar fhóntacht fhoriomlán chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim, léiríonn na ráitis airgeadais iarmhéid an Chiste ar 31 Nollaig 2007 i gceart, chomh maith leis na hidirbhearta sa bhliain arna críochnú ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntasaíochta chearta tar éis a bheith coinnithe ag an Roinn. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntasaíochta.

John Buckley
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Nollaig 2008